

FORBAIRT BÓTHAIR N22 BAILE BHUIRNE - MAIGH CHROMTHA NUACHTLITIR UIMH.7

Márta 2022

FÁILTE ROIMH AN 7Ú EAGRÁN DEN NUACHTLITIR

Foilsíodh Nuachtlitir uimh. 6 ar an 3 Nollaig 2021 agus tá mórán dul chun cinn déanta ó shin i leith.

Seo a leanas na hoibreacha atá curtha i gcrích i Cuid 1 ó Bhóthar Chill na Martra i dtreo an iarthair:

- Tá bíomaí droichead suiteáilte ag Acomhal an Cheangail Isteach Thiar.
- Tá an obair ag dul ar aghaidh ar an droichead ar bhóthar áitiúil L-92206 An Sliabh Riabhach.
- Tá an obair chóiríochta ar thrí fho-dhroichead i gCúil an Bhuacaigh atá á gcur ar fáil ar mhaithe le úinéirí talún áitiúla ag dul ar aghaidh:
- Tá an chéad struchtúr, ar a dtugtar S10 sa tionscadal, anois le bíomaí droichead in áit.
- Struchtúr ar nós bosca is ea an chéad struchtúr eile, S11, agus tá an bosca curtha in áit anois agus
- an obair thógála tosnaíthe le déanaí ar an gceann deireanach acu seo, ar a dtugtar S13.
- Táthar ag leanúint don tochailt charraige le pléascadh agus le briseadh carraigeacha ar An Sliabh Riabhach agus tá dul chun cinn maith á dhéanamh sa ghné seo de na hoibreacha.
- Tá bealach siúil curtha ar fáil a scaoileann do Slí Ghaeltacht Mhúscraí gabháil faoi phríomh-ailíniúchán an N22 nua ag An Cheapach Thiar, lena n-áireofar staighre rochtana.
- Tá dul chun cinn maith déanta maidir leis na hoibreacha a chríochnú idir Abha na Biochaille agus Tonn Láin. Tá glasú shleasa na gclaífort agus na gclaonta carraigbhualite soiléir ag an bpointe seo.
- Tá dul chun cinn déanta chomh maith sna láithreacha líonta isteach i gCúil na Cathrach agus i gCúil an Bhuacaigh agus cruth anois ag teacht ar chlaífort an bhóthair nua sna hionaid seo.
- Tá líon mór carraigeacha á dtoghailt le bristeoirí carraig i gCúil an Bhuacaigh i limistéir atá feiceálach ón N22 reatha. Tá sé seo ag dul ar aghaidh go maith leis.
- Tá tús curtha le roinnt seachtainí leis an obair ar dhroichead deireanach na scéime, is é sin an droichead thar an bóthar go Cill na Martra, ar a dtugtar S14.



Na Cillíní i dtreo an iarthair



Na Cillíní i dtreo an oirthir

Maidir le Cuid 3, ó Chúil Chomhair thoir go Bóthar Chill na Martra, seo a leanas achoimre de na príomh-ghníomhaíochtaí a bhí ag dul ar aghaidh le 3 mhí anuas:

Ó thaobh struchtúir de, tá na bíomaí droichead deireanacha suiteáilte ar fho-dhroichead cóiríochta S16A/S16B ag Inse an Líonáin, rud a chuirfidh ar chumas dhá úinéir talún áitiúil an bóthar nua a thrasnú. Tá an deic doirte againn agus an struchtúr nach mór críochnaithe.

Do lean na hoibreacha ar roinnt línéirí uisce atá lonnaithe gar do Bhóthar Chill na Martra ar an taobh thiar agus tá tar-dhroichead nua Choill na nGoirtíní, S22, oscailte anois againn ar an taobh thoir, chomh maith leis na hoibreacha leanúnacha atá ar siúl ar an réise 100m atá ag Droichead Abha an tSuláin, ag cur suiteáil uchtbhallaí agus uiscédhíonú san áireamh.



An Roinn Iompair
Department of Transport



Tionscadal Éireann
Project Ireland
2040

TIIV
Bonneagar Iompair Éireann
Transport Infrastructure Ireland



M
MOTT
MACDONALD

ONS JCL

BARRY
TRANSPORTATION

N22 BAILE BHUIRNE - MAIGH CHROMTHA



Timpeallán Cúil Chomhair

Tá deireadh déanta nach mór leis na hoibreacha créfort le formhór na n-oibríochtaí gearrtha agus líonta ar tí a bheith curtha i gcrích. Tá an bhéim le déanaí againn ar dhraenáil agus ar dhuchtú an phríomhlíne, a ritheann fan an tionscadail ar fad. Faoi láthair tá 6 chriú ag obair againn ar fud Cuid 3 ag suiteáil oibreacha draenála agus píblínite, a mbíonn idir 2.1m agus 300mm trastomhas orthu.

Tá an oibríocht chaidhpeála ar an bpríomhlíne ag ullmhú d'oibreacha pábhála bóthar tosnaíthe i gCúil Chomhair. Clochmhíle mór is ea é seo toisc gurb í an chéad sraith phábhála í i gcomhdhéanamh na pábhála bóthair príomhlíne í. Tá tús curtha chomh maith, i gCúil Chomhair, leis na hoibreacha ar an timpeallán, athailíniú ar an Nascbhóthar Thoir agus leis na hoibreacha laistiar agus i dtreo bhaile Mhaigh Chromtha.

Tá éagsúlacht ag baint leis na hoibreacha seo toisc go mbíonn idir oibreacha seach-líne agus oibreacha ar an N22 reatha áit a mbíonn bainistíocht tráchta ag teastáil chun bainistiú a dhéanamh ar shreabhadh tráchta reatha tríd an láithreán oibre. Tá agus leanfaidh an conraitheoir do bheith i gcumarsáid le húinéirí réadmhaoinne, le Comhairleoirí áitiúla agus leis an nGarda Síochána ionas gur féidir pleanáil agus comhordú cúramach agus a dhéanamh ar na hoibreacha seo le go laghdófaí an méid agus is féidir an cur isteach agus an mhoill ar shreabhadh tráchta, nach féidir a sheachaint, a eascraíonn ó na hoibreacha. Bun-eilimint lárnach is ea na hoibreacha seo do scéim fhor-iomlán agus leanfaidh na hoibreacha casta seo ar aghaidh ar feadh roinnt míonna eile le linn 2022.

SNA MÍONNA AMACH ROMHAINN (CUID 1 & CUID 2)

Ag féachaint chun cinn ar cad a d'fhéadfadh a bheith curtha i gcrích le linn míonna an Mhárta agus Aibreáin 2022:

Maidir le Cuid 1:

Táimid ag súil go mbeidh formhór na hoibre déanta ar struchtúirí uile an Choda seo, lena n-áirítear droichead S14 ar an mbóthar go Cill na Martra. Leanfaidh an t-olliompar ábhair thochailte ar aghaidh agus táthar ag súil le dul chun cinn maith a bheith déanta leis seo sna seachtainí romhainn, go háirithe má bhíonn aimsir thirim againn. Táimid ag súil chomh maith le dul chun cinn maith a dhéanamh le hoibreacha cóiríochta d'úinéirí talún áitiúla, agus críoch a chur lenár n-oibreacha ar Bhóithre Áitiúla agus ar Bhóithre Rochtana trasna ar líne an N22 nua.

Maidir le Cuid 3:

- Seo a leanas na príomhaidhmeanna atá againn i Cuid 3 do na míonna romhainn:
- Leanúint leis an obair ar thimpeallán agus acomhal Chúil Chomhair
- Tá dúnadh bóthair pleanáilte do Bhóthar an Mhuilinn a cheadóidh dúinn linteáir uisce dromchla agus sruth éalaithe a shuiteáil, obair í seo atá ina bunchuid den chóras draenála.
- Críochnófar struchtúir agus san áireamh sa chríochnú sin beidh cosáin agus an glanadh suas deiridh ar chiumhaiseanna, barrithir agus fálú buan timpeall ar na struchtúirí seo.
- Leanfar ar aghaidh leis an suiteáil ar dhraenáil agus ductú príomhlíne.
- Leanfar leis an oibríocht chaidhpeála agus cruinneoidh ár sain-chonraitheoirí ar an suíomh chun tús a chur le suiteáil na sraith éagsúla de chomhdhéanamh deiridh an bhóthair. Cuirfear tús go luath le leagadh an bhoinn bóthair agus ina dhiaidh san na sraitheanna táthaithe.
- Soláthrófar cainéal coincreiteach draenála ar imeall na pábhála nua agus cuirfear tús leis an obair seo gan mhoill.
- Tá sé sceidealaithe chomh maith tús a chur leis an obair ar chóras bacainne feithicil a shuiteáil ar gach taobh don phríomhcharrbhealach.



Cill na nGoriní

CONAS TEAGMHÁIL A DHÉANAMH LINN:

TEILEAFÓN

087 458 1555

FREAGRÓFAR LE LINN GNÁTH UAIREANTA
OIFIGE, NÓ FÁG TEACHTAIREACHT

R-PHOST

INFO@N22BBM.IE

SUÍOMH

WWW.N22BBM.IE

SEOLADH

Oifigí Láithreáin N22 BBM,
Bóthar Shráid an Mhuilinn,
Maigh Chromtha,
P12 VX03